Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Bealtaine 2026**
**(OR. en)**

**9303/26**
**ADD 1**

**ENV 509**
**MI 478**
**AGRI 375**
**CHIMIE 56**
**DELACT 89**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Bealtaine 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 1241 final - Annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann le<br>RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN<br>lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an srian ar úsáid na substainte gníomhaí dé-ocsaíd charbóin in Iarscríbhinn I, Catagóir 6, a ghabhann leis |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 1241 final - Annex.

---

Faoi iamh: C(2026) 1241 final - Annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.5.2026
C(2026) 1241 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an srian ar úsáid na substainte gníomhaí dé-ocsaíd charbóin in Iarscríbhinn I, Catagóir 6, a ghabhann leis**

# IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 leasaítear an iontráil i gCatagóir 6 de na substaintí gníomhacha dá dtagraítear in Airteagal 25(a), a bhaineann le dé-ocsaíd charbóin, mar a leanas:

| Uimhir CE | Ainm/grúpa | Srian | Barúlacha |
|---|---|---|---|
| 204-696-9 | Dé-ocsaíd charbóin | ‘Tá údarú táirgí bithicídeacha ina bhfuil dé-ocsaíd charbóin mar shubstaint ghníomhach faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:<br><br>a) go bhfanfaidh nochtadh na n-úsáideoirí gairmiúla don dé-ocsaíd charbóin faoi bhun an chomhchruinnithe inghlactha ábhartha (AEC) de:<br>(i) 1.5 % toirt/toirt (v/v) dé-ocsaíd charbóin maidir leis an teorainn 15 nóiméad don nochtadh gearrthéarmach (STEL), agus<br>(ii) 0.5 % v/v dé-ocsaíd charbóin don mheán am-ualaithe (TWA) 8 n-uair an chloig;<br><br>b) go bhfanfaidh nochtadh na n-úsáideoirí ginearálta don dé-ocsaíd charbóin faoi bhun 0.1 % v/v dé-ocsaíd charbóin;<br><br>c) nuair is iomchuí, go leanann úsáideoirí na bearta riachtanacha mar a leagtar amach iad san achoimre faoi shonraí an táirge.’ | - |